CEAṪRÚ RUA

Tá an tAṫair Seán Mac Donnċaḋa as Inis Ṁic Inna ar a ḃealaċ go dtí An Afraic ċun na misiún taréis dó saoire raiṫe do ċaiṫeaṁ sa mbaile. Ní ḃéiḋ sé nuaiḋeaċ sa tír ċoiṁíoċ sin mar ċaiṫ sé tréimse ċeana annsin mar Ḃráṫair ar na misiún. Ṫáiniġ sé arais go hÉirinn; rinne staiḋéar ċun ḃeiṫ 'na ṡagart ⁊ sa samraḋ seo caite do orduiġeaḋ é don Órd Beannaiṫe sin i nDúrlas Éile.

CAIṪ AGUS IOMPAIĠ

Is iontaċ mar caiṫeaḋ suas an caiṫeaṁ aimsire sin "Pitch and Toss" ar bóiṫre Cois Ḟarraige. Ḃí "scoil" aca annseo is annsúd ó Árd Ċlaiḋneaċ go Trá na bḞorbaċa; aċ ba timpeall an Loċán Beag agus An Ḃantráin is mó a d'ḟeicfeá na scataí fear — sean ag óg — ag 'tósáil an leiṫpiġinn, agus cinnte ḃí airgead mór i gceist. Ba ċaiṫeaṁ aimsire bréaġ a ḃí sa "Pitch and Toss" agus sé an dorċadas a scaipeaḋ na "punters" tráṫnónaí Doṁnaiġ. Agus caiṫeaṁ aimsire eile a ḃíoḋ aca timpeall an Loċán Beag—a ċaiṫeaṁ na gcruiṫe capall, aċ is dóċa go ḃfuil na cruiṫe gann anois mar níl na capaill sa gceantar sin.

CÚRSA

Tá an Sáirsint Liam G. Ó Colláin atá i gceannas Stáisiún na nGárdaí Síoċána i gCeaṫramha Rua, imṫiġ ar ċúrsa speisialta go Príoṁ Áras Traenála na nGárdaí Síoċána i dTeampall Mór.

PÓSAḊ

Do pósaḋ le goirid i Séipéal an Ċeaṫrú Rua, Áine, iníon Pádraic agus Ṁáiréad Ní Ċualáin, as Claiḋneaċ le Maiṫiú Ó Coisdealḃa, as Forraḋ Ṁaol. Sagart Meiriceanaċ — colċeatar don ḃean nua pósta—a pós iad.

£10

Tá gasúir scoile na Gaeltaċta ag déanaṁ go maiṫ i mbliana mar tá gaċ mac agus iníon máṫair acu taréis an £10 deontas d'ḟáil le seaċtain anuas. Sé sin ċuile ḋuine aca atá idir seaċt agus sé bliana déag d'aois agus eolas aca ar an nGaeilge. Tá seiceanna breá toirtiúla teacaiġ i gcuid de na tiṫe a ḃfuil seisear agus seaċtar ag dul ar scoil.

AONAĊ

N raiḃ mórán cúis le aonaċ Ḋoire an Ḟiaiḋ an mí seo. Ḃí riar ḃeiṫiġ ann, aċ ní raiḃ aon ġlaoḋaċ orra agus ceann ar biṫ díolú ḃí sé siar sa luaċ seaċas na haontaí a ċaiṫeaḋ.

PORTAIĠ

Tá portaiġ ṡeanna ḃfaṫaċ gar ar ḃeiṫ idiġ aċ tá Coimisiún na Talmán a teaċt ċun tártála Muintir na gClaḋaí i gConamara Ṫeas. Tádar ag déanaṁ sár obair maidir le portaiġ a ċur ar fáil do na daoine. Tá limistéar mór fairsing sléiḃe ó Tulaiġ na Ṡiḋeóg go dtéiġ tú go bárr an Spidéil agus treasna go Má' Cuilinn. Tá luċt An Ċoimisiún ag draenáil agus ag déanaṁ bóṫair tríd an reinse seo a Ṫulaiġ na Siḋeóg amaċ soir agus tá stripeanna bréa portaí dá leagann amaċ aca do ċuile ḋuine a ḃfuil easba portaí orra, ar ċíos beag. Tugaḋ go leor dena stripeanna seo amaċ an tseaċtain seo caite do ḋaoine ón Tulaiġ go Ceann Golim, agus an ḃlian seo ċugainn beiḋ siad dá n-oscailt.

CÉIḊ ROS-A-ḂÍL

Níl mórán céiḋ i gConamara ċoṁ saiḋḃre le céiḋ Ros-a-Ḃíl. Tá sí fairsing, tá sí fasgúil, tá sí congaraċ don iascaireaċt. Ní aṁáin go leiġeann traileírí na háite an oíċe goirṁeann ṫarta ann, aċ tagann tráileírí Árann agus na Gaillime isteaċ ann ar ḋroċ aimsir nuair naċ mbeaḋ sé in rásta aca an cuan soir ṫaḃairt orra féin. Agus tá céiḋ Ros-a-Ḃíl ṡeasann don Árannaċ agus do'n Éireannaċ ċoṁ maiṫ, nuair atá an Naoṁ Éanna ar seiceáil i mḂlá Cliaṫ.

FÉAĊAS

Ní aiṫneóċaiḋ tú an Ceaṫrú Rua má tá tú imiġ as an áit le roinnt blianta agus a ṫeaċt abaile an Samraḋ seo ċugainn. Tá bóṫar breá leaṫan le casáin leagṫaí amaċ tríd an mbaile ⁊ sconnsaí slaċtara ar gaċ taoḃ de. Comairle Conndae na Gaillime a ċur an t-airgead ar fáil i gcóir na h-oibre agus tá scata mór fear fostuiṫe agus sé Tomás Ó Congaile as na dóiriú atá na gceannas.

LÉAṀ

Léiġtear cuid mór leabar sa gceantar seo agus go mór mór anois nuair atá an tÁirneán buailte linn. Tá bramse le Leabarlann an Ċondae sa Ċeaṫrú Rua —sí Freeda Bean Uí Ċaṫáin ria 'na bun agus tá sí 'coinniġ gnóṫaċ.

SCOIL ṀÓR

Tá Siúranna Órd na Toirbeirte, a ḃfuil cónaí orra sa gCeaṫrú Rua le tamall maiṫ blianta anois, agus a ḃfuil Meánscoil aca ann, aistriṫe go sealadaċ go Tír an Ḟiaiḋ. Leanfar don Meán Scoil, aċ go mbeiḋ ar na Siúrann taisteál aniar agus siar gaċ lá scoile. aċar 18 míle gaċ lá. Tá Cloċar den Órd sin i dTír an Ḟiaiḋ. Ḃí dá teaċ cónaí acu sa gCeaṫrú Rua, aċ caiṫfear an dá ṫeaċ sin do leagann mar is ar an ionad atá siad tógṫa a ṫóigfear an Scoil Ṁór Fairsing atá leagṫa amaċ don Ċeaṫrú Rua. Is gearr go mbeiḋ obair tógála na scoile seo faoi lántseoil. Tá súil go mbeiḋ na Siuranna arais go luaṫ agus go dtóiġfiḋ siad Cloċar sa mbaile.

GLEANNCOLMCILLE

Tá an dream de ṁicléinn idirnáisiúnta a ḃí anseo ar campa oibre sa tsaṁraḋ, agus a ḃí ag obair ar dá scéim uisce, ceann do Ceann na Cille, Siaḃ, Gort a' Luan, agus an ceann eile do Coillte Fánaid, Loċar a' Ṫoirc agus Trá Ḃuí, uiliġ aċaite go dtí na dtíorṫa féin anois. Rinne siad na trínsí fá ċoinne na scéimeanna, agus leag siad cuid de na príoṁ píobáin uisce. Níl le déanaṁ anois aċ tógáil na daḃaċa, agus ceangail na bpíopaí ⁊ na gléasraí eile, agus an obair píobáin ins na tiṫe. Ḋéanfaiḋ luċt na dtiṫe féin é seo i riṫ míosaí an ġeiṁriḋ. Ṫáiniġ teaċtaireaċt ó ḋuine aṁáin acu, Catherine Róis, Pensalḃania atá indiaiḋ dul arais go dtí Ṁeiriceá agus san teaċtaireaċt dúirt sí a méid agus a ṫaiṫn Ġleann Ċolmcille léi. "Ḃí cuiṁní deasa agam ag fágáil Ġleann Colmcille dom, agus ba ṁaiṫ liom teaċt arais", adúirt sí.

TAOIDE BARRLÁN

Figiúirí fé 12 ar maidin; os cionn 12 tráthnóna.

Dáta	Ard Na Caithne		Carna		Ára Mhór	
9-10-65	6.14	18.17	5.31	17.39	4.14	16.34
10	6.43	18.53	6.00	18.10	4.48	17.08
11	7.12	19.21	6.29	18.41	5.22	17.42
12	7.43	19.57	7.00	19.14	5.56	18.16
13	8.36	20.34	7.33	19.51	6.31	18.50
14	1.53	21.14	8.10	20.31	7.06	19.26
15	2.34	22.00	8.51	21.17	7.44	20.08

CORCA DUIḂNE

Sa ḃaile ó Ṁeiriceá tá Eoġan Mac Dónaill ón mBaile Trasna i bParóiste Fionntrá. Is é seo an triú cuairt ag Mac Dónaill ar a tír dúċais ó d'imiġ sé ṫar sáile, dá ḃliain is daiċead ó ṡin. Tá mí le caiṫeaṁ in Éirinn aige. Ar eiteallán a ṫáiniġ go hAerfort na Sionainne. Deir Eoġan go ḃfuil 35,000 míle déanta aige sa spéir ó ṫug sé an ċéad ċuairt ar Éirinn! Aistear mór fada gan ain dabt!

D'ḟág Pádraig Ó Cearna ó'n mBlascaod Mór agus Tomás Ó Murċaḋa ó Ḃaile Ḋún na nGall slán ag an nGaeltaċt is a gcáirde ag Aerport na Sionainne an tseaċtain ċeana ar a slí go Nua Eabraċ agus as sin go Hartford tr éis cúig seaċtaimí a ċaiṫeaṁ sa baile. Ḃaineadar taitneaṁ mór as na laeṫeanta saoire a ḃí acu sa Ġaeltaċt. Ḃí oíċe mór acu i mBaile na nGall sarar ḟágadar an baile — ceol is rince agus aṁráin ḃreá, bríoṁara i dteanga na hÉireann. Ḃí leann duḃ is fuisce agus fíon ann—an té a ḃeaḋ ábálta é d'ól. Sea agus coṁrá is cleaċtaḋ go breacaḋ an lae. Tá Pádraig le seaċt mbliana déag sna Stáit anois ⁊ Tomás Ó Murċaḋa le 51 bliana. D'imiġ sé sall 1904, agus níor ṫug sé aċ dá ċuairt aḃaile ó ṡin. Anuraiḋ an ċéad ċuairt ⁊ ba í seo an tarna ceann. I dtiġ a ḋearṫáir i mBaile na nGall a ċaiṫ na laeṫeanta aoiḃne seo, san áit a rugaḋ agus a tógaḋ é. Ba é uncail Ṡeáin is Ṡéamais Uí Ṁurċaḋa é a ṫug seirḃís ḟada d'ḟoireann peile Ċiarraí. Tá Séamas pósta le déanaí — go n-éirí a pósaḋ leis.

Dé Céadaoine na seaċtain seo ḃí cruinniú poiblí i halla na Muirrí, ag Cumann Forbairte Iarṫar Ċiarraí, le clár oibre a leagann amaċ i gcóir cuiṁneaċán seaċtain na Cásca, 1966, agus féile cuiṁneaċán lán-Ġaelaċ a ċur ar siúl in Iarṫar an Daingean. Pléaḋ na h-imeaċtaí, agus cinneaḋ gur imeaċtaí den tsaġas seo a ba ġá a ċur ar siúl, insan Feoċánaċ, Muiríoċ, Baile an Ḟeirtéiriġ, Dúnċaoin agus Fionntraí. Féile taiṫneaṁ ar ḃuíonnta drámaíoċta, coirmeaċa ceoil, lúṫċleas, comórtaisí daṫadóireaċta, de radarcanna an ċeantair, comórtaisí trá agus farraige do ṡlat iascairí, rás naoṁóg agus ċoṁ maiṫ leis sin, beartaíoḋ slaċt a ċur ar uaiġeanna na n-Óglaċ, agus bláṫ-ḟleasc a leagann orṫa. Cinneaḋ freisin, gur ċeart soilsiú oíċe a ċur ar áiteanna stairiúla an Iarṫair. Dúirt Caoiṁín Ó Cinnéide, Rúnaí an Ċumainn, go mbeaḋ fáilte ó ċaḃair os na ceantair sin ṫart timpeall, a mbíoḋ daoine uaṫa ar saoire i gCorca Duiḃne sa tsaṁraḋ.

Cúis bróin sa gceantar bás Máire Bean Uí Ḃric, Caṫair na Púca, An Daingean. D'éag í i mBaile Áṫa Cliaṫ i gcaiṫeaṁ na seaċtaine agus ċuaiġ an soċraid go Reiliġ Naoṁ Breanḋán, An Daingean, Dé hAoine.

Ḃuaiġ Iarṫar Ċiarraí ar foireann sóisear as Nua Eabraċ, in cluiċe cáirliúil ag Páirc an Áġasaí, An Daingean, Dé Doṁnaiġ. Scór: Ciarraí Ṫiar 2-4, Nua Eabraċ 2-9.

An tseaċtain seo caite leis ḃí an ceiliúraḋ bliantúil den beannú Cablaċ Iascaireaċta an Daingean, sa Daingean. Ḃí an aimsir oiriúnaċ, nuair a ċuaiġ Sagart na Paráiste, an Canónaċ P. Ó Loingsiġ, S.P., amaċ ar na báḋaí, agus ḃeannaiġ sé na báḋaí, an céiḋ agus an cuan. Ḃí an tAṫair Colbert, S.C., An Daingean, ag caḃrú leis. Ḃí na sagairt amuiġ ar an Morning Star agus lean na báḋaí eile iad amaċ go báiġ an Daingin, gur beannaíoḋ na h-ionaid iascaireaċta.

Rud nua sa gceantar i mbliana, an uiṁir an ṁór do luċt caraḃáin, a ṫug cuairt ar an áit. Tá cosúlaċt air go ḃfuil luċt na gcaraḃáin ag fáil eolais ar an gceantar seo agus ċuile seans go mbeiḋ tuilleaḋ ag teaċt ins na blianta roṁainn. Ní miste a ḃeiṫ ag cuiṁniú ar ionaid caraḃáin a ċur ar fáil gan ró ṁoill.

Tá an maicréil le fáil go trom agus go flúirseaċ ins na farraigí ṫart timpeall anseo. Cuireaḋ os cionn 2,500 boscaí i dtír agus bíonn sé-ċloċa de maicréil in gaċ bosca. Díolaḋ cuid den iasc ar ráta 6s. an bosca, aċ ḃí orṫa roinnt ṁaiṫ len iasc a ċur ċuiġ na monarcain minéisc.

ÁRD AN RÁṪA

Ta plean ag Comhairle Paraiste Ard a' Ratha, forbairt a dheanamh ar an bhaigh ag Machaire Mor, le aerphort a dheanamh do, agus aiseanna leandala a bheith ar fail do turasoiri agus daoine elle a bheir cuairt ar Dhun na nGall.

Comhghairdeachas le Aindriu Mac Niallus, B.A., Brocach, a bhi ar foireann teagasc Coiste Gairm-oideachas Bhaile Atha Cliath, agus ata tareis Ard Teastas Oideachas fhail ag Colaiste Ollscoile Bhaile Atha Cliath. Ta se ceapaithe anois ar foireann teagasc Charn Domhnaigh.

Is maith an rud go bhfuil an obair ar siul ar deisiu agus coiriu bothar Charn, na nuair a bheas an bothar seo criochnaithe, beidh bealach isteach go dti ceann de na tranna is deise san taobh seo den tir.

An Spideal

Ar ṫoraḋ na h-Árd-Teistiméireaċta 1965 fuair na cailíní seo ó Ċoláistí Ċroí Ṁuire, An Spidéal glaoċ go Coláiste Oiliúna Páirc Ḋún an Ċeirġe, Baile Áṫa Cliaṫ: Sioḃán Ní Ḟaṫarta, Gearóidín Ní Ċonaile agus Bríd Ní Ḃriain. Ġnóṫaiġ Sioḃán Ní Ḟaṫarta, Eilís Ní Ḃriain agus Bríd Ní Ḃriain as an scoil ċeana. An dara, an triú agus an séú áit san scrúdú i gcóir scolaireaċtaí na Gaeltaċta a ṫugann Iolscoil na Gaillime; (£200) dá ċéad punt an duine ar feaḋ ceiṫre bliana. Ḃí cailín eile fos ón scoil a fuair glaoċ go Coláiste Oiliúna le Ṫíos i gCloċar Risḃaċ, Sligeaċ.

SLAD

Is iontaċ go deo an méid gliomaiġ a tóg an Meiriceánaċ Proinsias Mac Caba ó tosaċ an tseisiúr. Ḃí déanaṁ dá ċuid féin ar fad aige siúd agus ḃí a eileaċt air, mar níl mórán gliomaċ fágṫa ar cóstaí Ċois Farraige aige.

GO DONA

Is beag bliain a ṫáiniġ le fada a ḃí coṁ dona leis an mbliain seo i dtaoḃ iascaireaċt curaiġ. Ḃí an aimsir ċoṁ garḃ sin gurḃ ar éigin a ḟliuċ báḋóirí Ċois Farraige a gcuid curraċ ċor ar biṫ.

FÁTAÍ

Tá na fátaí dá mbaint ar fud Ċois Farraige anois. Ṫáiniġ an duḃaċán arís i mbliana agus tá riar ṁaiṫ dos na fátaí lófa. Aċ níl aon ḃaol go dtiocfaiḋ aon ġorta mar a ṫáiniġ in oċt déag ceaṫraċa seaċt.

Deardaoin — 5.1, Mac an Adha. 5.15, Ceol Rince. 5.30, Wild and Woolly. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Deardaoine. 6.20, Announcements. 6.25, Here's The Doctor. 6.45, Question Time in Cork. 7.15, Annso is Annsud sa Mhumhain. 7.30, Is e Seo m'Oilean. 8.1, Record Report. 8.30, Between Ourselves. 9.1, Breaking the Barrier. 9.15, Masters and Moderns. 9.45, Sceal Nua ar an Seansceal. 10.30, Today in the Seanad. 10.45, Recital.

Dé hAoine—5.1, Heidi. 5.30, Ceili na nOg. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na hAoine. 6.20, Announcements. 6.25, Focal on Dochtuir. 6.45, Sports Stadium. 7.30, Tommy O'Brien and his Records. 8.1, Amhrain. 8.15, A Munster Journal. 8.45, Guth Aneas agus Guth Aduaidh. 9.1, Symphony Concert. 9.55, Records. 10.30, Ad Lib.

Dé Sathairn—4.0, Racing: Irish Cambridgeshire. 4.15, Thank Heaven For Chevalier. 5.1, Organ Tunes. 5.15, Junior Sports Magazine. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint an tSathairn. 6.20, Announcements. 6.45, Who's News? 7.15, By the Mountain Streams of Ulster. 7.45, This Week at the United Nations. 8.1, Dear Sir or Madam. 8.30, Not So Green—Berries. 9.01, The R-E-L-O Show. 10.30, Ceili House.

Dé Domhnaigh — 10.30, Mass. 11.30, Church of Ireland Harvest Thanksgiving Service. 12.30, The Church in the World. 1.0, A Not So Green Mixture. 1.35, Provincial News Round-up. 2.0, Town Hall To-night. 2.45, Topic. 3.15, Ceolta Tire. 3.30, The World of Johnny Del Pinto 4.15, Bandstand. 4.45, Ceol Do Phaisti. 5.30, Down the Country. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht Anall, Nuacht Abhfus. 6.25, Appeal. 6.40, Sports Time. 7.10, An Sagart Linn. 7.15, Mr. Acker Bilk and his Paramount Jazz Band. 7.50, Drei Fantasiestucke. 8.0, Talk To Me: Play. 9.10, El Rapido. 9.30, The Years of the Great Test. 10.0, News. 10.15, Newspoint. 10.35, Music of the Nation. 11.05, Recital. 11.35, G.A.A. Results.

Dé Luan — 5.1, Out of Doors. 5.15, Rhythm and Rhyme. 5.45, This Happened to Me. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint an Luain. 6.20, Announcements. 6.45, Ireland's Top Ten. 7.15, Requests from the Irish Troops Overseas. 7.30, Question Time in Cork. 8.1, Money Grows on Trees. 8.30, American and English Fiction. 8.45, Poetry Anthology. 9.1, Aeriris. 9.30, Field and Farmhouse. 10.30, Songs in the Night. 10.45, City Newsreel.

Dé Mart — 5.01, Heidi. 5.30, Mol an Oige. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Mairte. 6.20, Announcements; Report on Store Cattle Sales. 6.45, Requests from Overseas. 7.15, This Is Your Business. 7.45, The Smile and the Tear. 8.1, A Woman's World. 8.30, Characters from Carleton. 9.1, Gentle Troubadour. 10.30, Come All Ye Loyal Heroes.

Dé Ceadaoin — 5.1, Snowcoat Children. 5.30, Junior Journal. 5.55, and Bonglewick. 5.15, Records for Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Ceadaoine. 6.20, Announcements; Cattle Market Report. 6.45, Take the Floor in Belfast. 7.30, Break For Music. 8.01, Round Table on World Affairs. 8.30, Farmers' Forum. 9.1, The Radio Eireann String Quartet. 9.45, Guth Aduaidh. 10.30, Today in the Seanad. 10.45, And Then Came Sound. ... Pop Call.

Muintir na Gaeltachta a d'fhoillsigh. "Democrat", Tír Chonaill, Clóbhualadh.